



An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022  
(OR. en)

10403/22

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0128(NLE)

---

SCH-EVAL 89  
VISA 106  
COMIX 330

### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Meitheamh 2022

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic.  
roimhe seo: 9755/22

---

Ábhar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le dul i ngleic leis na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an gCipir i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen a chur i bhfeidhm i réimse an **chomhbheartais víosaí**

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an gCipir i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

## MOLADH

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainithníodh i meastóireacht 2021 ar an gCipir i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i ndáil leis an gCipir idir an 28 Samhain agus an 3 Nollaig 2021. Tar éis na meastóireachta, glacadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 960 ón gCoimisiún tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainithníodh le linn na meastóireachta.

---

<sup>1</sup> IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh le linn na meastóireachta. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Éascaithe Víosáí arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé go gcuirfear i bhfeidhm i gceart, i measc nithe eile, na forálacha a bhaineann leis an gceanglas víosa a fhorchuirtear ar náisiúnaigh na Rúise, an ról atá ag na consail oinigh sa nós imeachta, an fhoirm iarratais ar víosa, an greamán víosa, an Córas Faisnéise Víosáí agus an córas náisiúnta TF, lena n-áirítear gabháil na méarlorg, chomh maith le staid na foirne agus oiliúint na foirne, ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí 1, 6, 7, 15, 18 go 24, 26, 28, 29, 36 agus 37 sa Chinneadh seo.
- (3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de thrí mhí tar éis a ghlactha, ba cheart don Chipir, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú ina liostófar na moltaí uile chun aon easnamh a sainaitníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil.

## IS ÉARD A MHOLANN SÍ:

gur cheart don Chipir

### **Ginearálta**

1. a áirithiú gan mhoill gurb iad consalachtaí na Cipire (lena n-áirítear an ceann a tugadh i gcrích le Cónaidhm na Rúise) a chuirfidh na Comhaontuithe Éascaithe Víosáí ar fad arna thabhairt i gcrích ag an Aontas i bhfeidhm;
2. fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na tríú tíortha a bhfuil a gcuid náisiúnach faoi réir an cheanglais maidir le víosaí idirthurais aerfoirt, de bhreis ar na cinn atá ar an liosta coiteann in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009<sup>1</sup> (dá ngairfear anseo feasta: An Cód Víosáí) agus a áirithiú go mbeidh gach catagóir duine a liostaítear in Airteagal 3(5) den Chód Víosáí díolmhaithe ón gceanglas;

---

<sup>1</sup> IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1–58.

3. a áirithiú go ndéanfaidh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, consalachtaí na Cipire agus soláthraithe seirbhíse seachtracha gach faisnéis ábhartha a sholáthar don phobal ar bhealach comhleanúnach dea-struchtúrtha maidir le víosaí gearrfhanachta a chur i bhfeidhm ar an gCipir;
4. athbhreithniú ar na hionstraimí dlí (conarthaí) a cuireadh i gcrích le soláthraithe seirbhíse seachtracha chun iad a ailíniú le forálacha an Chóid Víosaí agus chun faireachán rialta ar obair na soláthraithe seirbhíse seachtracha a áirithiú agus chun taifead a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí faireacháin;
5. nósanna imeachta agus cleachtais iomchuí a bhunú maidir le seasamh na Cipire a chinneadh i dtaca le haitheantas nó neamhaitheantas doiciméad taistil a leagtar amach i liostaí na ndoiciméad taistil arna mbunú le Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE<sup>1</sup>;
6. a áirithiú go n-úsáidfidh gach consalacht de chuid na Cipire an fhoirm iarratais chéanna ar víosa ina bhfuil a oiread réimsí ón bhfoirm iarratais chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCód Víosaí agus atá riachtanach i gcomhthéacs víosaí gearrfhanachta náisiúnta a phróiseáil;
7. tús a chur le méarloirg iarratasóirí ar víosa a bhailiú; trealamh a chur sna consalachtaí uile i ndáil leis sin; oiliúint a chur ar an bhfoireann agus an córas náisiúnta TF agus na sreabhadh oibre inmheánach na gconsalachtaí a oiriúnú;
8. a áirithiú go n-éileoidh consalachtaí uile na Cipire doiciméid tacaíochta ó iarratasóirí ar víosaí<sup>2</sup> i gcomhréir leis na liostaí comhchuibhithe de dhoiciméid tacaíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún agus leis na Comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas;
9. a áirithiú go gcomhlíonfaidh foirm urraíochta na Cipire na ceanglais a leagtar amach sa Chód Víosaí;
10. a áirithiú go córasach sna consalachtaí uile go dtíolacfaidh iarratasóirí ar víosaí árachas sláinte taistil mar chuid dá n-iarratas<sup>3</sup>;

---

<sup>1</sup> IO L 287, 4.11.2011, lch. 9.

<sup>2</sup> Cé is moite de bhaill teaghlaigh saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, mar aon le baill teaghlaigh náisiúnaigh de chuid LEE a bhfuil a c(h)earta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú aige.

<sup>3</sup> Cé is moite de bhaill teaghlaigh saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, mar aon le baill teaghlaigh náisiúnaigh de chuid LEE a bhfuil a c(h)earta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú aige.

11. a áirithiú go gcomhlíonfaidh na táillí víosa agus na catagóirí díolmhaithe ón táille a fóc forálacha ábhartha an Chóid Víosaí agus Threoir 2004/38 CE;
12. a áirithiú i ngach consalacht de chuid na Cipire go n-áireofar ‘tréimhse chairde’ 15 lá i dtréimhse bailíochta víosa le haghaidh dul isteach amháin agus go n-eiseofar víosaí dul isteach iolrach i gcomhréir leis an ‘meicníocht chascáide’ a leagtar amach sa Chód Víosaí nó leis na Comhaontuithe Éascaithe Víosaí faoi seach arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas;
13. áiritheoidh siad go n-eiseoidh consalachtaí uile na Cipire víosaí i bhformáid a chomhlíonfaidh Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle<sup>1</sup> arna leasú;
14. liosta uileghabhálach d’iontrálacha a chur leis an roinn dar teideal ‘barúlacha’ de ghreamáin víosa agus treoir a thabhairt do na consalachtaí staonadh ó iontrálacha éigeantacha a dhúbláil;
15. a chinntiú go gcoinnítear cóipeanna de na foirmeacha diúltaithe arna síniú ag na hiarratasóirí sa chartlann mar chuid den chomhad agus go bhfreagraíonn an chúis/na cúiseanna a luaitear ar an bhfoirm dhiúltaithe do thoradh an scrúdaithe ar an iarratas;
16. gan síneadh ama a chur le víosaí ar chúiseanna a théann níos faide ná na cinn a leagtar amach sa Chód Víosaí agus ag an am céanna, ní chuirfidh siad as an áireamh an fhéidearthacht go ndéanfaí víosa a shíneadh láithreach trí víosa a mharcáil mar ‘neamh-inathnuaite’;

#### **An Córas Faisnéise Víosaí/Córas TF náisiúnta**

17. dlús a chur le forbairt an chórais TF nua próiseála víosaí atá aige agus súil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí ábhartha ar leibhéal an AE i ndáil leis sin;
18. a threorú do na consalachtaí na sonraí uile a éilítear ó iarratas ar víosa a chur isteach sa chóras;
19. a áirithiú go mbeidh córas cúltaca leordhóthanach ag na consalachtaí uile i gcás *force majeure* teicniúil;

---

<sup>1</sup> IO L 198, 28.7.2017 lch. 24.

20. treoir a thabhairt do na consalachtaí eisiúint víosaí, agus iad comhlánaithe de láimh, a theorannú a laghad is féidir agus a áirithiú gur víosaí dul isteach aonuaire amháin atá sna víosaí sin a eisítear; a áirithiú go gcuirfear faisnéis maidir le víosaí a eisítear de láimh isteach sa chóras TF;
21. a threorú do na consalachtaí úsáid láithreach a bhaint as an bhféidearthacht atá ar fáil leis an gcóras TF cearta rochtana aonair a chruthú ar bhonn stádas na foirne agus a ról sa phróiseas víosa;
22. a áirithiú nach féidir rochtain a fháil ar na stáisiúin oibre ag gach consalacht ach amháin trí phasfhocail aonair agus go bhforfheidhmeofar athrú na bphasfhocal sin go rialta gan a gcur ar fáil d'aon duine;

### **Bainistíocht agus eagrú an riaracháin**

23. foireann Roinn Schengen den Aireacht Gnóthaí Eachtracha a neartú gan mhoill;
24. struchtúr buanoiliúna agus cláir oiliúna rialta a fhorbairt lena ndíreofar ar gach gné ábhartha de bheartas víosa an Aontais agus go háirithe ar na gnéithe sin atá infheidhme cheana féin maidir leis an gCipir (e.g. cearta ball teaghlaigh saoránach den Aontas/náisiúnaigh LEE);
25. machnamh a dhéanamh ar scrúdú a bhunú maidir le próiseáil víosaí do bhaill foirne easaoránacha ar a laghad sula n-imscarfar iad;
26. a áirithiú go gcomhlíonfaidh na consail oinigh forálacha ábhartha an Chóid Víosaí, go háirithe na cinn a bhaineann le sonraí a aistriú agus a stóráil ar bhealach slán; agus go háirithe, a áirithiú gan mhoill nach mbeidh greamáin víosa bhána ag consail oinigh agus nach mbeidh sé údaraithe a thuilleadh iad a ghreamú den doiciméad taistil;
27. machnamh a dhéanamh ar an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha a leathnú mar rogha mhalartach chun go mbeadh consail oinigh i bpróiseáil víosaí;

## Caireo

28. a áirithiú go gcomhlánóidh na hiarratasóirí na foirmeacha iarratais go cuí agus go seiceálfar comhlánú na n-iarratas nuair a leagfar isteach iad;
29. áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh cáilíocht an ghrianghraif a thíolacfaidh iarratasóirí ar víosaí agus a stórálfar sa bhunachar sonraí náisiúnta na caighdeáin ábhartha ICAO;
30. a áirithiú go ndéanfar barántúlacht na ndoiciméad taistil agus na dtréimhsí fanachta roimhe sin sa Chipir a fhíorú go córasach agus go gcuirfear úsáid neamhdhleathach víosaí roimhe sin san áireamh go cuí;
31. ar bhonn measúnú riosca, rialacha i scríbhinn a leagan síos maidir leis an tráth ar cheart glaoch ar iarratasóir chun agallaimh; a áirithiú go ndéanfar taifead/achóimre i scríbhinn ar na hagallaimh agus ar scrúdú na n-iarratas ar víosaí, más féidir, sa chóras TF ionas gur féidir é a aisghabháil aon uair is gá;
32. a áirithiú go gcuirfear in iúl i gcónaí sa chomhad iarratais cé a rinne cinneadh maidir leis an iarratas agus maidir le bailíocht an víosa;
33. baill foirne na consalachta a neartú a mhéid is féidir le fostaithe buana in ionad an oibrí/na n-oibrithe séasúracha gearrthéarmacha;
34. cainníocht agus sraithuimhreacha na ngreamán bán víosaí a chlárú a luaithe a thiocfaidh siad ón Aireacht chuig an gconsalacht;
35. prótacal soiléir, slán a bhunú chun seanchomhaid iarratais a scríosadh agus chun a áirithiú go ndéanfaidh ball foirne de chuid na consalachta maoirseacht ar an bpróiseas;

## Moscó

36. chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir le trasnú theorainn na Cipire (náisiúnaigh Úcránacha a bhfuil ceanglas víosa orthu) ag náisiúnaigh na Rúise (agus na hÚcráine a bhfuil ceanglas víosa orthu) le bheith ar aon dul leis gceanglas víosa faoi dhlí an Aontais, fíorú cuí na gcoinníollacha iontrála a áirithiú mar aon leis an measúnú riosca sula dtiocfaidh náisiúnaigh na Rúise isteach (agus na hÚcráine a bhfuil ceanglas víosa orthu);
37. athshamhlú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais ‘ar víosaí’: b’fhéidir fós go bhféadfaí an fhoirm iarratais a chur isteach ar líne, ach ba cheart coinníollacha agus nósanna imeachta a ailíniú leis an gComhaontú um Eisiúint Víosaí AE-an Rúis a Éascú agus leis an gCód Víosaí, agus ba cheart víosaí a eisiúint i bhfoirm greamáin víosa aonfhoirmigh roimh thuras an iarratasóra;
38. a áirithiú go nglacfar le hiarratais neamhiomlána, ach inghlactha;
39. a áirithiú nach n-úsáidfean an fhoirm urraíochta ach amháin i gcás ina gcónaíonn an t-urraitheoir sa Chipir;
40. fíorú na gcoinníollacha iontrála agus measúnú riosca ar iarratais arna dtíolacadh ag gach iarratasóir Rúiseach a áirithiú;
41. machnamh a dhéanamh ar athdháileadh na gcúraimí idir na baill foirne atá fostaithe go háitiúil ag an gconsalacht;
42. a áirithiú go gcuirfean faisnéis faoi idirghabhálaithe tráchtála creidiúnaithe ar fáil don phobal agus go ndéanfaidh an chonsalacht faireachán orthu go rialta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*